RÚN (AE) 2022/1747 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

an 4 Bealtaine 2022

ina bhfuil barúlacha atá in gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil (EEA) don bhliain airgeadais 2020

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint do chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad EEA don bhliain airgeadais 2020,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V a ghabhann lena Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0113/2022),

A. de bhrí, de réir a ráitis ar ioncam agus ar chaiteachas ([1]), gurbh é EUR 89 649 723 buiséad críochnaitheach EEA ("an Ghníomhaireacht") don bhliain airgeadais 2020, a léiríonn méadú de 18,48 % i gcomparáid le 2019 mar thoradh ar mhéadú in ioncam sannta seachtrach; de bhrí gur 0,7 % a bhí sa ráta boilscithe san Aontas in 2020; de bhrí go n-eascraíonn buiséad na Gníomhaireachta ó bhuiséad an Aontais den chuid is mó (75,29 %) agus ó na ranníocaíochtaí faoin gcomhaontú sonrach le haghaidh an chláir Copernicus (22,68 %);

B. de bhrí go ndeir an Chúirt Iniúchóirí ("an Chúirt") ina tuarascáil maidir le cuntais bhliantúla EEA don bhliain airgeadais 2020 (an "tuarascáil ón gCúirt") gur soláthraíodh dearbhuithe réasúnacha di go bhfuil cuntais na Gníomhaireachta beacht agus gur idirbhearta dlíthiúla agus rialta is bun leo;

Bainistiú buiséid agus airgeadais

1. á chur in iúl gur díol sásaimh di gur thug na hiarrachtaí faireacháin buiséid i rith bhliain airgeadais 2020 ráta cur chun feidhme 99,96 %, ar ráta é a léiríonn laghdú an-bheag de 0,04 % i gcomparáid le 2019; ag tabhairt dá haire gur 86,12 % an ráta forghníomhaithe maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, a léiríonn laghdú de 3,71 % i gcomparáid leis an mbliain roimhe;

2. ag cur sonrú sa ról lárnach atá ag an nGníomhaireacht maidir le sonraí cáilíochta a sholáthar i leith staid an chomhshaoil, ar sonraí iad atá ag éirí níos tábhachtaí i bhfianaise na ndúshlán ollmhór atá os comhair an Aontais chun dul i ngleic leis an athrú aeráide agus le cailliúint na bithéagsúlachta; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil tuairim na Gníomhaireachta á cloisteáil ar fud institiúidí an Aontais agus á mholadh go mbeadh ról lárnach ag coiste eolaíoch na Gníomhaireachta maidir le comhairle a chur ar an gCoimisiún;

Feidhmíocht

3. ag tabhairt dá haire go dtuairiscíonn an Ghníomhaireacht gur bhain sí amach a raibh curtha roimpi aici trí ionchais a heochairtháscairí feidhmíochta a shárú in 2020 ainneoin na rioscaí agus na dúshláin a bhí le bainistiú ag an eagraíocht mar thoradh ar phaindéim COVID-19;

4. ag tabhairt dá haire, maidir leis an obair leantach ar thuarascáil 2019 um urscaoileadh, go ndéanann an Ghníomhaireacht idirphlé leis an gCoimisiún maidir le cúraimí a shainaithint agus a chomhroinnt le seirbhísí ábhartha an Choimisúin chun nach mbeidh cúraimí forluiteacha le déanamh; ag tabhairt dá haire nár shainaithin an Ghníomhaireacht aon chúraimí a bhí ag forluí ar ghníomhaireachtaí eile i Líonra Gníomhaireachtaí AE; ag tabhairt dá haire go ndéanann an Ghníomhaireacht cúraimí áirithe a chomhordú le gníomhaireachtaí eile amhail an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA) agus an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA) agus go gcomhchruthaítear tuarascálacha áirithe in éineacht leo;

([1]) IO C 114, 31.3.2021, lch. 14.

5. ag tabhairt dá haire, maidir leis na barúlacha leantacha ó thuarascáil 2019 um urscaoileadh a bhain le míshásamh le soláthar gníomhaíochtaí áirithe de chuid na Gníomhaireachta, gur ghlac an Ghníomhaireacht cúraimí breise nua chuici féin amhail an Comhaontú Glas don Eoraip, an 8ú Clár Gníomhaíochta Comhshaoil agus Maoiniú Inbhuanaithe, cúraimí nach raibh acmhainní agus foireann leordhóthanach ag gabháil leo chun na huaillmhianta a leagadh síos sa reachtaíocht a chomhlíonadh; ag tabhairt dá haire gur thacaigh an Ghníomhaireacht go díreach chun an Comhaontú Glas don Eoraip agus creat beartais 2030 maidir le haeráid agus fuinneamh a chur chun feidhme trí líon áirithe gníomhaíochtaí agus comhar leis an gCoimisiún; ag tabhairt dá haire thairis sin gur foireann oibríochtúil amháin atá leithdháilte ag an nGníomhaireacht chun na gníomhaíochtaí sin a sholáthar, rud a chuireann strus breise ar a cuid feidhmeanna tacaíochta; á iarraidh ar an nGníomhaireacht dul i mbun plé leis an gCoimisiún, trí Líonra Gníomhaireachtaí AE i gcás inarb iomchuí, chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin agus tuairisciú don údarás um urscaoileadh maidir leis na hathruithe i ndáil leis sin;

6. ag tabhairt dá haire i dtaca leis na barúlacha leantacha ó thuarascáil 2019 maidir le hurscaoileadh i dtaca lena líonra TF, go ndearna an Ghníomhaireacht tionscnaimh digiteála a thionscnamh roimh an bpaindéim in 2020 agus, ó Mhárta 2020 i leith, gur luasaíodh na tionscnaimh sin mar thoradh ar an dianghlasáil; á iarraidh ar an nGníomhaireacht leanúint dá faireachán ar an gcreat bagairtí cibearshlándála agus na bearta iomchuí a dhéanamh;

7. ag tabhairt dá haire gur chuir an Ghníomhaireacht "2020 Air quality in Europe report" i láthair inar doiciméadaíodh tionchar na mbeart dianghlasála ar cháilíocht an aeir i gcathracha Eorpacha, agus leas á bhaint as an staid uathúil arbh í paindéim COVID-19 ba chúis léi;

8. á chur i bhfáth go soláthraíonn an Ghníomhaireacht faisnéis fhónta, neamhspleách maidir leis an gcomhshaol; ag moladh cháilíocht a aschuir a eisíodh in 2020, lena n-áirítear measúnú a dhéanamh ar éifeacht bhearta glasála COVID-19 maidir le tiúchan truailleán aeir, tairseach nua d'astaíochtaí tionsclaíocha a fhorbairt, na chéad sonraí a bhailiú maidir le hastaíochtaí CO_2 ó fheithiclí tromshaothair agus ullmhú do thuairisciú amach anseo maidir le fíorastaíochtaí CO_2;

9. á mheabhrú gur chuir an Ghníomhaireacht an Tuarascáil ar Staid an Chomhshaoil 2020 ar fáil in 2020 ([2]), mar aon le measúnuithe agus faisnéisithe maidir le hábhair amhail bainistiú agus cóireáil bithdhramhaíola, plaistigh in-bhithmhillte, na dúshláin atá ag teacht chun cinn maidir le bainistiú dramhaíola san Eoraip, cáilíocht aeir agus truailliú torainn, agus maidir leis an tionchar a bheidh ag príomhghuaiseacha aeráide ar an Eoraip amhail triomaigh, tuilte, dóiteáin foraoise agus ardú ar leibhéal na farraige le linn an 21ú haois agus níos faide anonn;

Beartas foirne

10. á aithint, ar an 31 Nollaig 2020, go raibh an plean bunaíochta curtha chun feidhme 96,92 %, go raibh ceapacháin déanta i gcás trí oifigeach bhuana agus 123 ghníomhaire shealadacha as 130 post arna n-údarú faoi bhuiséad an Aontais (124 phost údaraithe in 2019); ag tabhairt dá haire freisin, gur oibrigh 71 ghníomhaire ar conradh don Ghníomhaireacht in 2020 agus 12 shaineolaí náisiúnta ar iasacht;

11. á chur in iúl gur saoth léi go bhfuil an cóimheas idir an fhoireann tacaíochta atá freagrach as riarachán, chomh maith leis an bhfoireann chomhordúcháin agus an fhoireann oibríochtúil atá ag obair ar ábhar, as cothrom; á mholadh gur cheart go bhfaigheadh an Ghníomhaireacht níos mó foirne tacaíochta, chun a feidhmiú a ráthú;

12. ag tabhairt dá haire, maidir le cothromaíocht inscne laistigh d'ardbhainistíocht na Gníomhaireachta, gur fir ab ea 5 as 8 (62,50 %); ag tabhairt dá haire, maidir le cothromaíocht inscne laistigh de bhord bainistíochta na Gníomhaireachta, gur fir ab ea 16 as 30 (53,34 %); ag tabhairt dá haire, maidir le cothromaíocht inscne laistigh d'fhoireann na Gníomhaireachta i gcoitinne, gur mhná ab ea 111 as 203 (54,68 %) ag tabhairt le fios, áfach, maidir le hearcú foirne nua agus i dtaca le hardú céime, gur cheart don Ghníomhaireacht a mheabhrú gurb iad scileanna, eolas agus taithí na n-iarrthóirí na cúinsí is tábhachtaí; ag tabhairt le fios gur cheart aird a thabhairt ar an ngá atá le cothromaíocht gheografach i measc na mball foirne;

13. ag tabhairt dá haire, maidir leis na barúlacha in urscaoileadh 2019 maidir le sócmhainní teoranta, go ndéanann an Ghníomhaireacht a measúnú ar a riachtanais acmhainne a thuairisciú don Choimisiún i gcónaí; ag tabhairt dá haire thairis sin nach ndéantar freastal ar na hacmhainní sin i gcónaí sa dréachtbhuiséad arna chur ar aghaidh ag an gCoimisiún, nó nach gcuirtear san áireamh sa dréachtbhuiséad iad i gcónaí; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an nGníomhaireacht plean inbhuanaithe a oibriú amach chun acmhainní a chur ar fáil don Ghníomhaireacht de réir a riachtanas agus a cúraimí agus tuarascáil a thabhairt ar na forbairtí i ndáil leis sin don údarás um urscaoileadh;

([2]) Comhshaol na hEorpa — Staid agus Ionchas 2020 https://www.eea.europa.eu/soer/2020

14. á chur in iúl gur ábhar imní di méid mór bhord bainistíochta na Gníomhaireachta a fhágann go bhfuil sé deacair cinntí a dhéanamh agus a ghineann costais shuntasacha riaracháin;

15. ag tabhairt dá haire, maidir leis na freagraí ar an gceistneoir caighdeánach, go ndearna an Coimisiún, in 2020, sa reachtaíocht maidir le Maoiniú Inbhuanaithe, an Ghníomhaireacht a ainmniú chun cúraimí tacaíochta a sholáthar agus gur chuir sé post amháin mar ghníomhaire sealadach agus post amháin mar ghníomhaire ar conradh san áireamh, agus méadú EUR 0,3 milliún ag gabháil leis i bhfóirdheontas na Gníomhaireachta ón Aontas, ar mhaithe leis an bhfoirniú a thabhairt don Ghníomhaireacht chun na cúraimí breise a sholáthar; ag tabhairt dá haire thairis sin gur leasaigh an Pharlaimint buiséad 2020 na Gníomhaireachta, gur mhéadaigh sí an croifhóirdheontas de EUR 1,3 milliún agus gur bhronn sí cúig phost mar ghníomhaire sealadach agus dhá phost mar ghníomhaire ar conradh ar mhaithe le hacmhainní a thabhairt don Ghníomhaireacht chun tacú le cúraimí nua faoin gComhaontú Glas don Eoraip, go háirithe an t-athrú aeráide agus caillteanas bithéagsúlachta a chomhrac;

16. ag tabhairt dá haire, maidir leis an obair leantach ar thuarascáil um urscaoileadh 2019 maidir le treoirlínte don fhoireann, gur athbhreithnigh an Ghníomhaireacht a beartas maidir le poist íogaire agus gur ghlac sí ar an 3 Nollaig 2020 cinneadh a boird bainistíochta maidir le EEA Guidelines on the Identification and Management of Sensitive Posts i gcomhréir leis na moltaí ón gCúirt Iniúchóirí;

17. á chur in iúl gur geal léi na hiarrachtaí a rinneadh maidir le beartas foirne chun teilea-obair agus dea-shláinte a chur chun cinn agus á mholadh don Ghníomhaireacht dul i mbun forbairt ar chreat beartais fadtéarmach acmhainní daonna lena rachfar i ngleic le cothromaíocht oibre is saoil, treoir agus forbairt gairme ar feadh an tsaoil, cothromaíocht inscne, teilea-obair, cothromaíocht gheografach, agus earcú agus lánpháirtiú daoine faoi mhíchumais;

Soláthar

18. ag tabhairt dá haire go mbíonn an Ghníomhaireacht gníomhach i mbun nósanna imeachta soláthair a shaothrú i gcomhar leis an gCoimisiún; ag tabhairt dá haire go ndíríonn an Ghníomhaireacht ar an aistriú chuig próisis riaracháin leictreonacha (soláthar, maoiniú agus acmhainní daonna), rud a thug gnóthachain éifeachtúlachta agus a thacaigh léi chun aistriú go tapa agus go héifeachtach go timpeallacht oibre ón mbaile i dtús phaindéim COVID-19;

Coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú, agus trédhearcacht

19. á aithint go bhfuil bearta reatha ag an nGníomhaireacht agus go bhfuil iarrachtaí leanúnacha ar siúl aici chun trédhearcacht a áirithiú ar mhaithe le coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú, agus chun cosaint na sceithirí a áirithiú;

20. ag tabhairt dá haire, maidir leis an obair leantach ar thuarascáil um urscaoileadh 2019, go meabhraítear go mion minic do chomhaltaí bhord bainistíochta na Gníomhaireachta an iarraidh CVanna agus dearbhuithe leasa a chur ar fáil lena bhfoilsiú ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta; á chur in iúl go bhfuil sí go láidir den tuairim gur cheart go mbeadh foilsiú CVanna agus dearbhuithe leasa chomhaltaí an bhoird bainistíochta éigeantach agus nár cheart é a dhéanamh ar bhonn deonach; á iarraidh ar an nGníomhaireacht a chinntiú go gcomhlíonfaidh comhaltaí an bhoird bainistíochta an ceanglas sin agus go ndeanfaidh siad aon athrú i ndáil leis sin a thuairisciú don údarás um urscaoileadh;

Rialú inmheánach

21. á aithint go ndearna an Ghníomhaireacht an creat rialaithe inmheánach a mheas agus gurbh é a conclúid, gur cuireadh roinnt prionsabal rialaithe inmheánacha chun feidhme sna blianta roimhe seo agus gur fheidhmigh siad go héifeachtach, ach go meastar anois nach ndearnadh ach cur chun feidhme páirteach orthu nó nach bhfuil siad ach páirtéifeachtach; ag tabhairt dá haire maidir leis an gconclúid sin ón nGníomhaireacht, go n-éilítear freagairt phras ón mbainistíocht maidir le bealach oibre nua; ag tabhairt dá haire, ainneoin na himthosca neamhchinnte a bhain le COVID-19, go léiríonn Córas rialaithe inmheánach na Gníomhaireachta gur éirigh le foireann na Gníomhaireachta oiriúnú don chás go tapa agus gur sholáthair siad an clár oibre a beartaíodh le haghaidh 2020, agus gur leabaíodh nósanna imeachta nua ina ngníomhaíochtaí;

An fhreagairt ar COVID-19 agus leanúnachas gnó

22. ag tabhairt dá haire, mar fhreagairt ar na srianta a bhain leis an bpaindéim, gur thionscain an Ghníomhaireacht earcaíocht ar líne, le tacaíocht ó chur chun feidhme ardán earcaíochta Systal, agus gur éirigh léi líon mór earcaíochtaí a thabhairt i gcrích in 2020 agus gan ach ráta íseal folúntais ann i ndeireadh na bliana;

23. ag tabhairt dá haire gur imir freagairt na Gníomhaireachta ar phaindéim COVID-19 agus a cuid srianta gaolmhara tionchar dearfach ar fhormhór shonraí feidhmíochta na Gníomhaireachta do 2020, gur léiríodh titim shuntasach ar na hastaíochtaí gás ceaptha teasa ó mhisin agus cruinnithe (titim thart ar 90 % i gcomparáid leis an meán do 2015-2019) agus laghduithe suntasacha ar úsáid leictreachais, téimh, uisce, páipéir agus fuílll mar thoradh ar níos lú ball foirne in áitreabh an Gníomhaireachta, á iarraidh ar an nGníomhaireacht na ceachtanna a foghlaimíodh de bharr na paindéime a thabhairt ar aghaidh isteach ina cuid oibríochtaí sna blianta romhainn i ndáil leis sin;

Barúlacha eile

24. á chur in iúl gur geal léi an cinneadh a rinne an Ghníomhaireacht a tiomantas a neartú chun bogadh ó oibríochtaí atá neamhdhíobhálach don aeráid go hoibríochtaí atá neodrach ó thaobh na haeráide de i gcomhréir le spriocanna aeráide méadaithe an Aontais;

25. á iarraidh ar an nGníomhaireacht leanúint den chomhar le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta a chur chun cinn, chun measúnú níos fearr a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag gníomhaíocht an duine ar an gcomhshaol agus chun idirphlé a chothú leis na geallsealbhóirí agus leis na saoránaigh;

26. á chur in iúl gur geal léi na hiarrachtaí a rinne an Ghníomhaireacht chun creat oibre atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a chruthú agus na bearta go léir a rinne an Ghníomhaireacht chun a lorg carbóin agus a tomhaltas fuinnimh a laghdú agus chun sreabhadh oibre gan pháipéar a fhorbairt; ag tabhairt dá haire, maidir leis na barúlacha leantacha a tháinig ó thuarascáil um urscaoileadh 2019 ar chostéifeachtúlacht agus cleachtais atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, go dtéann foirgneamh oifige na Gníomhaireachta siar go dtí an 19ú haois agus nach bhfuil ach roghanna teoranta ann dá réir chun fuinneamhéifachtúlacht an áitribh a fheabhsú; ag tabhairt dá haire go bhfuil an Ghníomhaireacht tiomanta, mar chuid dá córas bainistithe comhshaoil, d'fheabhsú leanúnach a feidhmíochta fuinnimh trí fhuinneoga áirithe a roghnaítear san fhoirgneamh a athionadú agus bogadh go dtí spás oibre de réir gníomhaíochta ar urláir éagsula, rud a sholáthróidh feabhsuithe breise ar an bhfeidhmíocht fuinnimh in aghaidh an aonaid achair; ag tabhairt dá haire freisin gur ó fhoinsí inathnuaite a cheannaíonn an Ghníomhaireacht 100 % dá leictreachas; á iarraidh ar an nGníomhaireacht aon athrú i ndáil leis sin a thuairisciú don údarás um urscaoileadh;

27. ag tabhairt dá haire, maidir leis na barúlacha leantacha maidir le hinrochtaineacht, go bhfuil a hardáin ar líne fós le socrú ag an nGníomhaireacht chun iad a dhéanamh inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas;

28. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé digiteáil na Gníomhaireachta a mhéadú ó thaobh oibriú agus bainistiú inmheánach de ach freisin chun dlús a chur le digiteáil nósanna imeachta; á chur i bhfáth gur gá don Ghníomhaireacht leanúint de bheith réamhghníomhach i ndáil leis sin chun bearna dhigiteach idir na gníomhaireachtaí a sheachaint ar ais nó ar éigean; ag tarraingt aird, áfach, ar an ngá atá ann na bearta uile slándála is gá a dhéanamh chun aon riosca do shlándáil ar líne na faisnéise a phróiseáiltear a sheachaint; á iarraidh ar an nGníomhaireacht a beartas cibearshlándála a fhorbairt níos tapúla, a sheachadadh roimh an 31 Eanáir 2022 agus tuarascáil a thabhairt ina leith don údarás um urscaoileadh;

29. ag tabhairt dá haire, maidir leis na barúlacha leantacha maidir lena torthaí a scaipeadh i measc an phobail gur chuir an Ghníomhaireacht gníomhaíochtaí for-rochtana ar líne chun feidhme agus gur cuireadh borradh faoi fhormáidí nuálacha amhail ócáidí lainseála, an tsraith "Ask an Expert" agus díospóireachtaí in 2020; ag tabhairt dá haire go mbíonn an Ghníomhaireacht rannpháirteach i dtionscadal trasghníomhaireachta chun feabhas a chur ar a táscairí bunaithe ar a n-acmhainn cumarsáide; ag tabhairt dá haire go raibh an líon seisiún a cláraíodh i suíomh greasáin na Gníomhaireachta os cionn 8 milliún in 2020; á iarraidh ar an nGníomhaireacht tuairisciú don údarás um urscaoileadh maidir le hathruithe a bheartaítear amach amseo chun láithreacht ar líne na Gníomhaireachta a shruthlíniú;

30. ag tabhairt dá haire, maidir leis an obair leantach ag éirí as barúlacha na Cúirte maidir le rochtain na meán, go bhfuil an Ghníomhaireacht i mbun a hinfheictheacht a fhorbairt i gcónaí mar fhoinse iontaofa le haghaidh eolais comhshaoil agus aeráide ar leibhéal an Aontais; ag tabhairt dá haire gur fhoilsigh an Ghníomhaireacht 25 626 alt sna meáin, méadú 80 % i gcomparáid le 2019, agus gur shroich sí 178 593 leantóir ar an iomlán, méadú 56 % i gcomparáid le 2019;

31. ag tagairt, i ndáil le barúlacha eile de chineál cothrománach a ghabhann lena cinneadh maidir le hurscaoileadh, do rún uaithi an 4 Bealtaine 2022 ([3]) maidir le feidhmíocht, bainistíocht airgeadais agus rialú na ngníomhaireachtaí.

([3]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0196.